Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Coláiste na Tríonóide

Scoil an Oideachais

An M.Oid. San Oideachas
Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Ollscoil Átha Cliath

Coláiste na Tríonóide
Scoil an Oideachais
An M.Oid. San Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Más múinteoir tú ar mhaith leat cur le do shaineolas ar an oideachas trí mheán na Gaeilge, cuir iarratas isteach ar an M.Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tugann an cúrsa seo an deis do rannpháirtithe ardchaighdeán feabhais a bhaint amach ina gcleachtais oideachais agus ina n-inniúlacht teanga. Tá an cúrsa M.Oid. nua seo i gColáiste na Tríonóide á mhaoiniú ag An Roinn Oideachais, rud a fhágann nach mbíonn ach €650 in aghaidh na bliana le n-íoc ag rannpháirtithe.

Struchtúr
Cúrsa solúbtha páirt-aimseartha é an M.Oid. agus dearadh an sceideal le dul in oiriúint do mhúinteoirí atá ag obair go lán-aim-seartha. Beidh idir léachtaí ar líne (40%) agus ar an láthair (60%) i gceist, sna tráth-nóintí, ar an Satharn agus le linn laethanta saoire scoile.

Na Modúil

Bliain 1
- ❑ An tumoideachas agus an dátheangachas
- ❑ An dea-chleachtas i suíomhanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge
- ❑ An teagasc agus an fhoghlaim i suíomhanna scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
- ❑ An cleachtas pleanála agus measúnaithe
- ❑ An cheannasaíocht agus an bhainistíocht
- ❑ Múinteoirí lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar thaighdeoirí

Bliain 2
- ❑ Inniúlacht teanga sa Ghaeilge
- ❑ An tráchtas

Riachtanais iontrála faoi leith
Ní mór cáilíocht mar mhúinteoir bun-scoile nó iarbhunscoile a bheith ag iarrthóirí agus inniúlacht sa Ghaeilge ag leibhéal B1 ar a laghad ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (is féidir tabhairt faoi scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge i mí na Bealtaine nó i mí Lúnasa 2023).

Dáta deiridh d'iarratais
Is é Dé Luain 26 Meitheamh an dáta deiridh d'iarratais. Chun níos mó eolais a fháil ar an gcúrsa nó chun iarratas a chur isteach, téigh chuig: